Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht

# Ráiteas Príobháideachais[1]
# Eolas maidir le do shonraí pearsanta a chosaint
# Rochtain ar dhoiciméid / fhaisnéis phoiblí na Comhairle agus na Comhairle Eorpaí Tagairt. 038R02

**1. Cén duine in Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) atá freagrach as do chuid sonraí pearsanta a láimhseáil?**

Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht)
An tAonad Seirbhísí Faisnéise
Ceann Aonaid Seirbhísí Faisnéise – COMM.2.C
Sonraí Teagmhála: access@consilium.europa.eu

**2. Sonraí teagmhála Oifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta**

An tOifigeach Cosanta Sonraí
data.protection@consilium.europa.eu

**3. Cad iad na catagóirí sonraí pearsanta a láimhseáiltear anseo?**

Is iad na catagóirí sonraí pearsanta a phróiseáiltear:

- Faisnéis éigeantach: céadainm, sloinne, seoladh ríomhphoist agus/nó seoladh poist ina iomláine;
- Faisnéis neamhéigeantach: teideal, inscne, aois, gairm bheatha, an eagraíocht ar thar a ceann atá an iarraidh á déanamh, uimh. theileafóin, uimh. fóin póca, uimh. facs.

[1] Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 a láimhseáiltear do shonraí pearsanta.

4. **Cad chuige a láimhseáiltear do shonraí pearsanta?**

Bailítear sonraí pearsanta ionas gur féidir leis an roinn próiseála:

- freagairt ar iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid / fhaisnéis phoiblí ón gComhairle nó ón gComhairle Eorpach agus a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí ar iarrataí den sórt sin;
- a áirithiú go gcaithfear go cóir comhsheasmhach le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid / fhaisnéis phoiblí agus a áirithiú go ndéanfar obair leantach i leith na ngearán chuig an Ombudsman Eorpach agus i leith na n-imeachtaí cúirte.

5. **Cén bunús dlí atá le láimhseáil do shonraí pearsanta?**

- Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.
- Cinneadh ó Ardrúnaí/Ardionadaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an 25 Meitheamh 2001 lena mbunaítear cód dea-iompraíocht riaracháin d'Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus a foirne ina gcaidreamh gairmiúil leis an bpobal (IO C 189, 5.7.2001, lch. 1).
- Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725: "is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais". Áirítear ar leas an phobail oibríochtaí próiseála nach mór a dhéanamh i dtaca le bainistiú agus feidhmiú institiúidí an Aontais.

6. **Más é an toiliú is bunús dlí leis, tig leat é a tharraingt siar, trí:**

Ní bhaineann le hábhar.

7. **Más conradh is bunús dlí leis, an bhfuil dualgas ort do chuid sonraí pearsanta a chur ar fáil dúinn agus céard iad na hiarmhairtí mura ndéanfaidh tú sin?**

Ní bhaineann le hábhar.

8. **Más rud é nach uait féin a fuaireamar na sonraí pearsanta, cén chaoi ar éirigh linn iad a fháil?**

Ní bhaineann le hábhar

**9. Cé hiad faighteoirí do shonraí pearsanta?**

Bíonn líon teoranta sainithe d'fhoireann na hArdrúnaíochta páirteach, ar bhonn riachtanais eolais, agus iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid á láimhseáil. Áirítear orthu sin *inter alia*:

- baill foirne an Aonaid Seirbhísí Faisnéise, oifig an Stiúrthóra, oifig an Ard-Stiúrthóra agus oifig an Ard-Rúnaí;
- baill na Seirbhíse Dlí atá freagrach as déileáil le hiarratais tosaigh agus iarratais daingniúcháin agus as gearáin agus cásanna cúirte an Ombudsman a láimhseáil;
- baill foirne aonaid/stiúrthóireachta ábhartha laistigh den Ardrúnaíocht a ndeachaigh an tAonad Seirbhísí Faisnéise i gcomhairle leo agus atá inniúil i leith an doiciméid iarrtha;

Mar sin féin, i gcás ina seoltar iarraidh chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh ach gur dírithe chuig institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht eile de chuid an Aontais Eorpaigh atá an iarraidh sin, féadfaidh an roinn próiseála í a sheoladh ar aghaidh chuig an institiúid, chuig an ngníomhaireacht nó chuig an gcomhlacht réamhráite. Cuirtear na hiarratasóirí ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn an t-aistriú sin ar bun.

**10. An aistreofar do shonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta? Má aistrítear, an bhfuil aon choimircí i bhfeidhm ina leith sin?**

Ní bhaineann le hábhar.

**11. Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**

Coinnítear na sonraí pearsanta (sloinne, céadainm, seoladh ríomhphoist agus/nó seoladh poist) ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis dhúnadh an cháschomhaid, nó i gcás imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha go dtí go ndéanfar breithiúnas críochnaitheach.

**12. An mbíonn cinnteoireacht uathoibrithe i gceist, lena n-áirítear próifíliú, agus do shonraí pearsanta á láimhseáil? Cad iad na hiarmhairtí a bheidh ann duit féin?**

Ní bhaineann le hábhar

**13. Cad iad na cearta[2] atá agat agus cé mar is féidir leat iad a fheidhmiú?**

Tá an ceart chun eolais agat chomh maith leis an gceart chun rochtana ar do chuid sonraí pearsanta féin.
Tá sé de cheart agat freisin do chuid sonraí a cheartú agus a chomhlánú.

I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh sé de cheart agat a éileamh go scriosfaí do chuid sonraí pearsanta, agóid a dhéanamh faoi do chuid sonraí pearsanta a bheith á láimhseáil nó a iarraidh go ndéanfaí an láimhseáil sin a shrianadh.

Is féidir leat na cearta sin a fheidhmiú trí ríomhphost a sheoladh chuig an té atá freagrach as do shonraí pearsanta a láimhseáil (féach pointe 1 thuas), maille le cóip a sheoladh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí (féach pointe 2 thuas).

Ní mór duit cóip de dhoiciméad aitheantais (cárta aitheantais nó pas) a chur leis an iarraidh sin chun do chéannacht a dheimhniú. Ba cheart uimhir aitheantais, ainm na tíre a d'eisigh, an tréimhse bhailíochta, ainm, seoladh agus dáta breithe a bheith ar an doiciméad sin. Féadfar dath dubh a chur ar aon sonraí eile atá sa chóip den doiciméad céannachta, amhail grianghraf nó saintréithe pearsanta eile.
(Ní bhaineann le foireann na hArdrúnaíochta)

**14. An bhféadfaí do chearta a shrianadh faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725?**

Ní bhaineann le hábhar.

**15. Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ach scríobh chuig**

ag edps@edps.europa.eu
Sula ndéanfaidh tú sin, moltar duit féachaint leis an scéal a leigheas trí dhul i dteagmháil leis an té atá freagrach as do shonraí pearsanta a láimhseáil san Ardrúnaíocht (féach pointe 1 thuas) agus/nó leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (féach pointe 2 thuas).

---

[2] Airteagail 17 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1725.